An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Comhairliúchán Poiblí ar Ráiteas Straitéise nua don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

Ráiteas Príobháideachais

Is gníomhaireacht feidhmiúcháin laistigh den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta í an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Tá an Roinn tiomanta do phríobháideachas a chosaint agus a urramú. Mínítear sa ráiteas príobháideachais seo conas a dhéanfaidh an Roinn, mar an Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil di i ndáil leis an gComhairliúchán Poiblí a phróiseáil sa chéad Ráiteas Straitéise riamh don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF); conas a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus cé na cearta is féidir leat a fheidhmiú maidir le do shonraí pearsanta.

Cuspóirí na próiseála

Leagfar amach sa Ráiteas Straitéise don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra croí-mhisean agus luachanna an SPNF, mar aon lenár bpríomhthosaíochtaí straitéiseacha mar eagraíocht do 2023-2025. Tá do thuairimí á lorg againn maidir le cén tosaíochtaí ar cheart a bheith againn sna trí bliana amach romhainn.

Próifíliú

Ní bhainfidh an Roinn úsáid as aon sonraí pearsanta a bhailítear uait i ndáil le haighneachtaí a bhailiú don Ráiteas Straitéise don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chun cinntí uathoibrithe a dhéanamh, nó chun críocha próifílithe.

Dlíthiúlacht na próiseála

Tá an phróiseáil seo ar do shonraí pearsanta dleathach faoi Airteagal 6 (1)(e) de Rialachán RGCS a fhorálann go bhfuil gá le próiseáil chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir, sa chás seo, an Roinn ina cáil mar an comhlacht atá freagrach as freagrachtaí Stát na hÉireann maidir le caomhnú an dúlra a bhainistiú.

Slándáil do shonraí pearsanta

Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochta cuí i bhfeidhm chun do chuid eolais a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe. Mar sin féin, in ainneoin na n-iarrachtaí sin, níl aon bhearta slándála foirfe ná dothreáite, agus ní féidir aon mhodh tarchuir sonraí a ráthú i gcoinne aon idircheapadh ná aon chineál eile mí-úsáide. Sa chás go gcuirtear isteach ar do shonraí pearsanta mar thoradh ar shárú slándála, cuirfear polasaí agus nósanna imeachta Bainistíochta Sáruithe na Roinne i bhfeidhm.

Faighteoirí na sonraí

Is féidir sonraí pearsanta a roinnt go hinmheánach le haghaidh iniúchta nó chun críocha comhlíonta eile.

Is féidir sonraí pearsanta a roinnt le Ranna Rialtais eile, údaráis aitiúla, gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó comhlachtaí poiblí eile, i gcúinsí áirithe dá bhforáiltear leis an dlí.

Is féidir gach aighneacht a fhoilsiú amach anseo agus faisnéis phearsanta folaithe. Is féidir aighneachtaí chuig an gcomhairliúchán seo a fhoilsiú nó a eisiúint freisin i gcomhréir leis an reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise agus/nó leis na Treoracha ón AE a rialaíonn Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Is féidir gach aighneacht, gan faisnéis phearsanta san áireamh, a roinnt le comhairleoirí seachtracha ar conradh chun cuidiú le dréachtú an Ráitis Straitéise don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Aistrithe Sonraí Trasteorann

Ní aistreoidh an Roinn sonraí pearsanta a bailíodh i ndáil leis an gComhairliúchán Poiblí ar Ráiteas Straitéise don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra 2023-2025 chuig aon tír nó eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den AE/LEE.

Cé chomh fada a choimeádfar do shonraí? Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na gcríoch ar bailíodh agus ar próiseáladh chucu iad. De réir riachtanais reachtaíochta agus gnó, tá an tréimhse coinneála sonraí le haghaidh do shonraí pearsanta, sa chás seo, ag teacht le riachtanais na n-aonad reachtaíochta agus gnó agus leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (arna leasú).

Do chearta

Tá Beartas Cosanta Sonraí na Roinne, a leagan amach conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta, chomh maith le heolas a sholáthar maidir le do chearta mar ábhar sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir le ceart rochtana, ceart chun ceartúcháin, ceart chun scriosta, ceart chun próiseáil a shrianadh, ceart agóide), ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Tá an beartas ar fáil freisin mar chóip chrua nuair a iarrtar é. Má mheasann tú gur sáraíodh do chearta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le Coimisiún um Chosaint Sonraí (www.dataprotection.ie), agus tá sé de cheart agat leigheas breithiúnach a lorg.

Déan teagmháil linn

Is í an Roinn an Rialaitheoir Sonraí nuair a bheidh do shonraí pearsanta á bpróiseáil chun na gcríoch atá leagtha amach thuas.

Tá sonraí teagmhála na Roinne ar fáil ag: https://www.gov.ie/ga/eolas-eagraiochta/839bc-teagmhail-leis-an-roinn-tithiochta-rialtais-aitiuil-agus-oidhreachta/
Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an Roinn chun tacú leis an dlí um chosaint sonraí a chomhlíonadh. Is iad na sonraí teagmhála d'Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne ná:

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Oifigeach Cosanta Sonraí
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta
Bóthar an Bhaile Nua
Loch Gorman
Ríomhphost: data.protection@housing.gov.ie
Dáta: Meán Fómhair 2022